Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9325/19**

**GAF 48**
**FIN 358**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8646/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil speisialta Uimh. 1/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht<br>*- Conclúidí ón gComhairle (14 Bealtaine 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 1/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "*Fighting fraud in EU spending: action needed*" [Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht], a ghlac an Chomhairle ag an 3689ú cruinniú a bhí aici an 14 Bealtaine 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Comhrac i gcoinne na calaoise i gcaiteachas AE: an gá le gníomhaíocht

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (an Chúirt) maidir le comhrac na calaoise i gcaiteachas an Aontais Eorpaigh. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur den riachtanas ag bainistiú airgeadais an Aontais brath agus cosc na calaoise, agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go bhfuil freagracht ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit araon as an gcalaois, agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a chuireann as do leasanna airgeadais an Aontais, a chomhrac.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a ndúirt an Chúirt faoi líon agus leibhéal na faisnéise a bhíonn ar fáil don Choimisiún faoin gcalaois san Aontas. AITHNÍONN SÍ, mar sin féin, na hiarrachtaí nach beag atá déanta ag an gCoimisiún agus ag OLAF chun faisnéis chuimsitheach a chruinniú, agus AITHNÍONN SÍ nach mór an cur chuige maidir le breis faisnéise a chruinniú a bheith i gcomhréir leis na sochair airgeadais.

3. TACAÍONN SÍ leis an moladh a rinne an Chúirt go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as na huirlisí coiscthe calaoise, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá saothar i gcomhar leis na Ballstáit maidir le tuairisciú na neamhrialtachta a fheabhsú, go mór mór tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachta (IMS).

4. Is díol imní di tuairim na Cúirte maidir lena ísle atá ráta aisghabhála na gcistí mí-úsáidte a moltar iad a aisghabháil de bhun na n-imscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus a laghad obair leantach a dhéantar i dtaca le moltaí dlíthiúla, agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an scéal sin a fheabhsú.

5. IS FADA LÉI go bhfoilseoidh an Coimisiún an staidéar a rinneadh ar chomhlíonadh an cheanglais ag na Ballstáit maidir le measúnú riosca calaoise a dhéanamh mar is dlite faoi Rialachán na bhforálacha coiteanna[1] agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit déanamh na hoibre a leanann imscrúduithe de chuid OLAF a fheabhsú.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar ról agus ar fhreagrachtaí OLAF i leith chomhrac na calaoise i gcaiteachas an Aontais Eorpaigh ó tharla Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) anois ar bun, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS an obair leanúnach atá ar siúl ag an Meitheal um Chomhrac na Calaoise sna pléití ar an togra le haghaidh leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[2].

7. IARRANN SÍ ar an gCúirt eolas a choinneáil leis an gComhairle sna blianta seo romhainn maidir leis an dul chun cinn a dhéanfaidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais chun bainistiú airgeadais chistí an Aontais a fheabhsú, go mór mór maidir leis an tionchar a bheidh ag EPPO ar chomhrac na calaoise san Aontas, agus, go háirithe, a marana a dhéanamh agus súil a choinneáil ar mholtaí nithiúla chun an scéal a fheabhsú.

---

[1] Féach Airteagal 125(4)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

[2] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).